síolta

An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

cecde
An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige



SÍOLTA

Treoir do Thuismitheoirí

Prionsabail Síolta

FIÚNTAS NA LUATH-ÓIGE

Is tréimhse shuntasach inti féin í an luath-óige i saol an duine. Ba choir í a chothú, agus meas, luach agus tacaíocht a thabhairt di ar a son féin.

Glaoitear luath-óige ar an tréimhse ó bheirtear an naíonán go mbíonn sí/sé sé bliana d'aois, agus is tráth an-sainiúil é i saol an linbh. Ní mór eispéiris mhaithe saoil a thabhairt do do leanbh le linn na tréimhse sin. Ba chóir go mbeadh na hacmhainní agus na tacaí a chruthaíonn na heispéiris luachmhara sin ar fáil do gach leanbh agus níor chóir go mbeidís ag brath ar airgead ná ar aon fhachtóirí eile.

PÁISTÍ AR DTÚS

Tá indibhidiúlacht, láidreachta, cearta agus riachtanais an pháiste lárnach do sholáthar eispéireas d'ardchaighdeán le linn a luath-óige.

Bíonn páirt ghníomhach ag do leanbh ina forbairt/fhorbairt féin, ó bheirtear iad, tríd an teagmháil a bhíonn acu ó lá go lá leis an saol mórthimpeall orthu. Tarlaíonn sé sin leis an bhfonn a bhíonn orthu a bheith neamhspleách, an suim phearsanta a bhíonn acu féin i rudaí agus i rudaí atá feicthe cheana féin acu. Tá sé tábhachtach go bhfaigheann caighdeán na n-eispéireas luath-óige tacaíocht trí aitheantas a thabhairt do ról an linbh. D'fhonn a gcumas iomlán a bhaint amach, caithfear cluais éisteachta a thabhairt do leanaí maidir le ceisteanna a mbíonn tionchar acu orthu.

TUISMITHEOIRÍ

Is iad na tuismitheoirí oidí príomha a bpáistí agus is iad thar aon duine eile a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste chun cinn.

Mar aitheantas ar do ról mar phríomh-oideachasóir do linbh, tá sé riachtanach go mbíonn caidreamh oscailte, ionraic agus ómósach idir soláthróirí luath-óige agus oideachais agus tuismitheoirí. Cuidíonn comhpháirtíocht mar sin chun comhtheacht a choinneáil idir na suímh éagsúla ina mbíonn an leanbh sna luathbhlianta (mar shampla, feighlí linbh, créche, rang na naíonán beag sa scoil). Tugann forbairt an chaidrimh idir an timpeallacht luath-óige, tuismitheoirí, an teaghlach forleathnaithe agus an pobal i gcoitinne saibhreas do na heispéiris luath-óige trí léiriú a thabhairt ar an timpeallacht ina maireann agus ina bhfásann do leanbh suas.

Caidrimh

Tá sé riachtanach go mbeadh comhchaidreamh tuisceanach, cómhalartach ann nach athraíonn le himeacht aimsire má táthar chun folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste a chinntiú.

Bíonn tionchar mór ag na caidrimh débhealacha a bhíonn ag do leanbh ó bheirtear í/é lena timpeallacht/thimpeallacht láithreach agus leathnaithe. Tá caidrimh dhearfacha, atá slán, freagrúil agus ómósach mar bhunchloch d'fholláine do linbh. Tá sé tábhachtach mar sin go mbíonn na caidrimh sin comhsheasmhach agus leanúnach.

COMHIONANNAS

Buntréith de chúram agus oideachas luath-óige d'ardchaighdeán is ea an comhionannas.

Ionas go mbainfeadh gach leanbh a n-acmhainneacht iomlán amach i dtéarmaí forbartha, caithfidh comhionannas a bheith i gcroílár chaighdeán an oideachais agus an chúraim luath-óige. Ciallaíonn sé seo go dtugtar aitheantas do riachtanais agus cumas aonair gach leanbh agus go bhfaigheann sí/sé tacaíocht i dtimpeallachtaí a thuigeann comhionannas, a thugann ómós de agus a chuireann chun cinn é.

ILÍOCHT

Aithníonn suímh luath-óige atá ar ardchaighdeán an éagsúlacht agus cothaíonn siad meas uirthi. Cinntíonn siad freisin go léirítear meas ar fhéiniúlacht chuile pháiste agus chuile teaghlach, go pearsanta, agus ó thaobh chultúr agus teanga dhe.

Úsáidtear an focal 'éagsúlacht' tríd is tríd chun cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí a bhíonn idir daoine ó thaobh inscne, aoise, dath an chraicinn, teanga, claonadh gnéis, eitneachais, cumais, reiligiúin nó cine. Is féidir é a úsáid freisin chun cur síos a dhéanamh ar chúlraí difriúla mar struchtúr teaghlaigh nó imthosca eacnamaíochta. Ba chóir go léireodh timpeallachtaí luath-óige den scoth ómós don éagsúlacht a chuirtear in iúl in Éirinn an lae inniu. Chomh maith le féiniúlachtaí dearfacha agus muintearas a chur chun cinn i measc leanaí óga, ba chóir go soláthródh na suímh eispéiris shaibhre freisin a thacaíonn leis an gcumas atá ag do leanbh luach a chur ar éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha.

TIMPEALLACHTAÍ

Bíonn tionchar díreach ag timpeallacht fhisiciúil an pháiste óig ar a f(h)olláine, a f(h)oghlaim agus a f(h)orbairt.

Le linn luath-óige, cuirtear le heispéiris do linbh trí raon leathan timpeallachtaí lena n-áirítear nithe faoi dhíon agus faoin spéir, tógtha agus nádúrtha, baile agus lasmuigh den bhaile. Ba chóir go mbeidís sin ar ardchaighdeán agus ba chóir go saibhríodís forbairt agus foghlaim do linbh, tríd a gcuid fiosrachta a spreagadh, a gcuid neamhspleáchais a chothú agus muintearas éigin a chothú. Ba chóir go mbeadh ómós ag leanaí don timpeallacht freisin ag éirí as na heispéiris sin.

leas

Ba chóir slándáil, leas agus folláine gach páiste a chosaint agus a chur chun cinn i ngach uile thimpeallacht luath-óige.

Is tréith de dhea-thimpeallacht é folláine do linbh. Ciallaíonn sé sin gach leanbh a chosaint ó eispéiris dhochracha agus a gcuid leasa a thabhairt slán. Tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh an fócas seo ar shábháilteacht cosc ar éagsúlacht shaibhir eispéireas a bheith ag do leanbh a bheadh ar aon dul lena haois/aois agus a céim/chéim forbartha féin.

RÓL AN DUINE FÁSTA

Tá ról bunúsach ag an duine fásta i soláthar eispéireas luath-óige atá ar ardchaighdeán.

Tá cleachtas luath-óige ar ardchaighdeán tógtha ar ról uathúil an duine fásta. Tá cumais, cáilíochtaí, dearcaí agus eispéiris dhaoine fásta an-tábhachtach ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'eispéiris ar ardchaighdeán do do leanbh. Tá sé chomh tábhachtach céanna ar ndóigh na hacmhainní cearta, tacaíocht agus luach iomlán a thabhairt don ról sin.

OBAIR FOIRNE

Is gá go mbeadh comhoibriú, cumarsáid agus meas cómhalartach ann má táthar chun eispéiris luath-óige ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Tá seanfhocal ann a deireann gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Tá an smaoineamh sin a bhaineann le hobair fhoirne lárnach chun caighdeán a bhaint amach i gcúram agus in oideachas luath-óige. D'fhonn an caighdeán sin a chinntiú, caithfear eolas roinnte agus tuiscint a chur in iúl go soiléir i measc na foirne atá laistigh den suíomh, i measc lucht gairme eile a bhfuil baint acu leis an leanbh agus leis na tuismitheoirí. Ba chóir go gcinnteodh cumarsáid den sórt sin caidrimh oibre ómósacha i measc gach duine fásta a bhfuil baint acu le tacaíocht a thabhairt do folláine, foghlaim agus d'fhorbairt do linbh chomh maith.

OIDEOLAÍOCHT

Curaclaim agus cláir ghníomhaíochta, a mbíonn cur chuige iomlánaíoch acu d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste, léiríonn siad oideolaíocht sa luath-óige. Léiríonn siad chomh maith go bhfuil an cúram agus an t-oideachas do-scartha óna chéile.

Tagraíonn oideolaíocht don raon leathan straitéisí, teicnicí agus cuir chuige a thacaíonn le forbairt do linbh ar feadh a gcuid cúraim agus a gcuid oideachais. Breithníonn oideolaíocht na caidrimh agus na heispéiris éagsúla a chuireann cruth ar fhorbairt do linbh agus a aithníonn an nasc idir iad. Tugann sé tacaíocht freisin don ról gníomhach atá ag gach leanbh laistigh dá forbairt/fhorbairt féin, agus mar sin féachann sé ar chumas foghlama an 'linbh iomlán'.

Súgradh

Tá an súgradh lárnach d'fholláine, d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste óig.

Bíonn idirghníomhú idir leanaí, déanann siad iniúchadh ar rudaí agus baineann siad ciall as an saol mórthimpeall orthu trí shúgradh. Tá idirghníomhaíochtaí do linbh, mar shampla, le leanaí eile, daoine fásta, ábhair, ócáidí agus smaointe, lárnach dá folláine/fholláine, forbairt/fhorbairt agus foghlaim/fhoghlaim. Chomh maith le bheith mar fhoinse lúcháire agus bróid do do leanbh, ba chóir go mbeadh súgradh mar phríomhfhócas freisin i suímh luath-óige ar ardchaighdeán.



Cúlra an Lárionaid (CECDE)

D'iarr an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ar Choláiste Phádraig, Droim Conrach, an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE) a chomhbhunú agus a chomhbhainistiú sa bhliain 2001.

Is í aidhm fhoriomlán an Lárionaid ná oideachas na luath-óige a fhorbairt agus a chomhordú in Éirinn. Déanaimid é sin trí:

- taighde a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun oibriú le leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois;
- comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta faoina bhfuil ag tarlú sa réimse seo;
- *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Baineann ár gcuid oibre le leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois i suímh (mar a thugtar orthu) éagsúla: naíonraí, creiseanna, grúpaí súgartha, feighlithe leanaí, réamhscoileanna, agus ranganna na naíonán i mbunscoileanna.

Faisnéis ar *Síolta*

Is éard tá sa Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta, ar a dtugtar *Síolta*, ná sraith de chaighdeáin náisiúnta d'oideachas luath-óige. Is focal Gaeilge é *Síolta* agus roghnaíomar é mar gheall ar a ndeireann sé faoin gcumas fáis agus borrtha atá ag an óige agus ag an gCreatlach seo.

Tháinig an Chreatlach as trí bliana comhairliúcháin agus taighde a rinneadh i gcomhpháirtíocht le réimse an-éagsúil daoine a raibh spéis acu i gcur chun cinn leasa agus folláine leanaí óga in Éirinn. Tá sí ceaptha chun tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh siúd ar fad a oibríonn le leanaí agus ar son leanaí. Tá sé mar aidhm aici caighdeán a gcuid eispéireas luath-óige a fheabhsú.

Is clár deimhnithe cáilíochta é *Síolta* a bhraitheann ar roinnt daoine chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-eispéireas luath-óige a bhíonn ag leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois. Mar thuismitheoir, tá ról lárnach agat sa phróiseas sin, de bhrí nach bhfuil éinne a bhfuil aithne níos fearr aige ar do leanbh, a c(h)umais agus a riachtanais ná tú fhéin.

Tá súil againn go dtabharfaidh an Treoir Tuismitheoirí seo duit an fhaisnéis a bheidh ag teastáil uait chun cinntí críonna a dhéanamh maidir leis an gcineál cúraim agus suíomh oideachais a roghnaíonn tú do do leanbh. B'fhéidir go mbeadh sí áisiúil, mar shampla, agus tú ag iarraidh a fháil amach an suíomh ardchaighdéain atá ann, de bhrí go leagann sí amach duit na prionsabail a ba cheart a bheith ag treorú caighdeáin dá leithéid. Ar an gcaoi chéanna, b'fhéidir go mba leor an fhaisnéis atá inti chun cur le do mhuinín asat féin agus tú ag cur ceisteanna i dtaobh gnéithe ar leith de chúram agus d'oideachas do linbh. Is éard tá tábhachtach ná go mbíonn sí ina taca agus ina foinse eolais duit agus tú ag déanamh cinneadh maidir le luath-eispéiris do linbh.

Cén chuma atá ar *Síolta*?

I measc na n-ábhar atá le fáil i *Síolta* tá:

Póstaer ina bhfuil na 12 Prionsabal de *Síolta,* ráitis leathana ar a bhfuil an Chreatlach bunaithe. Tá na Prionsabail seo liostáilte agus mínithe ar an taobh thall den leathanach seo.

Bileog a liostálann na Prionsabail agus na Nótaí Míniúcháin i mBéarla agus i nGaeilge.

Sa **Lámhleabhar Tosaigh** tá an t-eolas chúlra go leir ar *Síolta* le fáil– conas a rinneamar é a fhorbairt, tréithe *Síolta*, gluais áisiúil agus ábhar eile.

4 Lámhleabhar – ceann do gach ceann de na ceithre chatagóirí suíomh luath-óige a bhfuil *Síolta* dírithe orthu. Is iad sin Cúram Lae Lánaimseartha agus Páirtaimseartha, Feighlíocht Leanaí, Ranganna Naíonán i mBunscoileanna agus Seirbhísí Seisiúnacha (seirbhísí a chuireann suas go dtí 3.5 uair an chloig ar fáil i ngach seisiún, e.g. grúpaí súgartha).

Tá **CD ROM** i ngach Lámhleabhar agus tá leaganacha leictreonacha anseo den Lámhleabhar Tosaigh, gach ceann de na 4 Lámhleabhar agus an Rannán Acmhainní.

Is féidir láithreán gréasáin *Síolta* a fháil ag www.siolta.ie agus chomh maith leis an ábhar ar fad a bheith ansin, tá rannán aiseolais ann freisin áit ar féidir leat do chuid smaointe a chur isteach más mian leat sin a dhéanamh.

Síolta agus Tusa

Má tá suíomh luath-óige in ann a thaispeáint go bhfuil sáreolas aige ar phríomh-phrionsabail *Síolta* is dóichí ansin go mbeidh sé in ann eispéiris d'ardchaighdeán a sholáthar do do leanbh.

Roinnt samplaí de cheisteanna ginearálta is féidir leat a chur:

- An bhfuil ábhair *Síolta* ar fáil ag suíomh do linbh?
- An féidir leo plé a dhéanamh ar conas a fhreastalaíonn siad ar na Caighdeáin cháilíochta?

Is féidir leat leas a bhaint freisin as an gCreatlach chun ceisteanna níos sainiúla a chur faoi cad a tharlaíonn laistigh den suíomh mar chleachtas laethúil. Mar shampla, déanann an Caighdeán ar Thuismitheoirí agus Teaghlaigh ráitis shoiléire faoin dea-chleachtas sa réimse sin. Má chuireann tú ceisteanna atá bunaithe ar na ráitis sin d'fhéadfá léargas níos fearr a fháil ar an leibhéal cáilíochta sa suíomh, e.g. cén polasaí atá agaibh maidir le cumarsáid le tuismitheoirí?

Seo thíos roinnt de na ceisteanna go mb'fhéidir go mba mhaith leat iad a chur:

- An gcuireann an timpeallacht le sábháilteacht gach linbh agus aosaigh?
- An mbíonn deis cumarsáide i dtaobh an linbh ag foireann agus tuismitheoirí?
- An ndéanann an suíomh a dhícheall chun a chinntiú go n-urramaítear go cuí riachtanais leanaí chun sosa, suaimhnis agus príobháideachais?
- An mbíonn idirghabhálacha idir aosaigh ina n-eiseamláir dea-mheasa, tacaíochta agus comhpháirtíochta ag an leanbh?
- An bhfuil an rúndacht ina saintréith den chaoi ina dtaifeadann, ina stórálann agus ina gcomhroinneann an foireann sonraí chun leasa an linbh?
- An gcaitheann an leanbh tamall maith sa suíomh ag súgradh/ag taiscéaladh?
- An bhfuil flúirse trealaimh agus ábhar don leanbh ag gach achar foghlama agus ag gach gníomhaíocht sa suíomh?
- An gcuireann an suíomh chun cinn spiorad láidir féiniúlachta agus muintearais i measc leanaí agus aosach araon?

Tá na ceisteanna seo bunaithe ar ráitis atá le fáil i ngach lámhleabhar *Síolta*.

Cá háit a dtiocfaidh mé ar *Síolta*?

Tá ábhair éagsúla *Síolta* ar fáil go díreach ón Lárionad. Tá siad seo saor in aisce ach tá táille postais le n-íoc más gá.

Má tá ceisteanna nó tuairimí ar bith agat ná bíodh aon leisce ort teagmháil linn ag:

Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01 8842110
Faics: 01 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Láithreáin Gréasáin: www.cecde.ie, www.siolta.ie.

dearthá ag www.reddog.ie

www.siolta.ie www.cecde.ie

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN